Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 20 Bealtaine 2022**
**(OR. en)**

**9337/22**
**ADD 1**

**ECOFIN 456**
**UEM 98**
**CODEC 758**
**FIN 572**
**COH 43**
**AGRI 208**
**AGRIFIN 48**
**AGRISTR 31**
**FORETS 38**
**PECHE 171**
**CLIMA 226**
**ENV 461**
**CADREFIN 88**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 20 Bealtaine 2022 |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 231 final |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINNÍ a ghabhann leis an Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NAhEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/241 a mhéid a bhaineann sé le caibidlí REPowerEU i bpleananna téarnaimh agus athléimneachta agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1060, Rialachán (AE) 2021/2115, Treoir 2003/87/CE agus Cinneadh (AE) 2015/1814 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 231 final.

---

Faoi iamh: COM(2022) 231 final

AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, 18.5.2022
COM(2022) 231 final

ANNEXES 1 to 2

# IARSCRÍBHINNÍ

*a ghabhann leis an*

**Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/241 a mhéid a bhaineann sé le caibidlí REPowerEU i bpleananna téarnaimh agus athléimneachta agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1060, Rialachán (AE) 2021/2115, Treoir 2003/87/CE agus Cinneadh (AE) 2015/1814**

**IARSCRÍBHINN I**

Leasaítear Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán 2021/241 mar a leanas:

(a) In roinn 2, cuirtear an pointe seo a leanas leis:

'2.12. Tá coinne leis go gcuirfidh na bearta dá dtagraítear in Airteagal 21c (1) agus (2) ar bhealach éifeachtach le slándáil soláthair an Aontais don Aontas ina iomláine, go háirithe tríd an soláthar fuinnimh a éagsúlú nó tríd an spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú roimh 2030.'.

Agus measúnú á dhéanamh ar na bearta dá dtagraítear in Airteagal 21c (1) faoin gcritéar seo, cuirfidh an Coimisiún na heilimintí seo a leanas san áireamh:

Raon feidhme

— tá coinne leis go gcuirfidh cur chun feidhme na mbeart atá beartaithe go mór le feabhas a chur ar an mbonneagar fuinnimh agus ar shaoráidí fuinnimh chun freastal ar riachtanais láithreacha shlándáil an tsoláthair ola agus gáis, go háirithe ionas go mbeifear in ann an soláthar a éagsúlú ar mhaithe leis an Aontas ina iomláine,

nó

— tá coinne leis go gcuirfidh cur chun feidhme na mbeart atá beartaithe go mór le borradh a chur faoin éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh, leis an tionscal a dhícharbónú, le táirgeadh agus glacadh bithmheatáin inbhuanaithe, hidrigine inathnuaite nó hidrigine atá saor ó fhoinsí iontaise a mhéadú, agus sciar an fhuinnimh inathnuaite a mhéadú,

nó

— tá coinne leis go dtabharfaidh cur chun feidhme na mbeart atá beartaithe aghaidh ar scrogaill sa bhonneagar fuinnimh, go háirithe trí naisc thrasteorann le Ballstáit eile a thógáil, nó go dtacóidh sé le hiompar astaíochtaí nialasacha agus lena bhonneagar, lena n-áirítear iarnróid,

nó

— tá coinne leis go gcuirfidh cur chun feidhme na mbeart atá beartaithe go mór le tacú le hathcháiliú an lucht saothair i dtreo scileanna glasa, chomh maith le tacú le slabhraí luacha in bpríomhábhair agus i bpríomhtheicneolaíochtaí atá nasctha leis an aistriú glas,

agus

an bhfuil na bearta agus an míniú, dá bhforáiltear faoi Airteagal 21c (1), comhlántach le chéile agus an gcuireann siad go mór, in éineacht le bearta faoi Airteagal 21c(2), pointí (a) agus (b), chun éagsúlú i soláthair fuinnimh an Aontais a bhaint amach nó leis an spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú roimh 2030.'

Rátáil

A – meastar go láidir go mbeidh sé sin i gceist

B – tá sé sin i gceist go measartha láidir

C – is beag a mheastar go mbeidh sé sin i gceist

(b) I roinn 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na coda a thosaíonn leis na focail ‘Mar thoradh ar an bpróiseas measúnaithe, agus ag cur san na rátálacha san áireamh:’

Mar thoradh ar an bpróiseas measúnaithe, agus ag cur na rátálacha san áireamh:

(a) Comhlíonann an plean téarnaimh agus athléimneachta go sásúil na critéir mheasúnaithe:

Má áirítear leis an rátáil deiridh le haghaidh na gcritéar faoi phointe 2 scóir agus:

— grád A le haghaidh chritéir 2.2, 2.3, 2.5, 2.6 agus 2.12;

agus le haghaidh na gcritéar eile:

— gráid A ar fad,

nó

— gan aon tromlach de ghráid B i gcomórtas le gráid A, agus gan C ar bith,

(b) Ní chomhlíonann an plean téarnaimh agus athléimneachta go sásúil na critéir mheasúnaithe:

Má áirítear leis an rátáil deiridh le haghaidh na gcritéar faoi phointe 2 scóir agus:

— gan grád A i gcritéir 2.2, 2.3, 2.5, 2.6 agus 2.12;

agus le haghaidh na gcritéar eile:

— gráid B den chuid is mó seachas gráid A,

nó

— C amháin ar a laghad.’

**<u>IARSCRÍBHINN II</u>**

(1) I mír 4.2 d'Iarscríbhinn II de Rialachán (AE) 2021/1060, cuirtear an méid seo a leanas léi:

'Tagairt: Airteagail 26(1) **agus 26a** RFC'

(2) I mír 3.1 d'Iarscríbhinn V de Rialachán (AE) 2021/1060, cuirtear an méid seo a leanas léi:

'Tagairt: Airteagail 14, 26, **26a** agus 27 RFC'

(3) I bhfonóta 1 de mhír 3.1 d'Iarscríbhinn V de Rialachán (AE) 2021/1060, cuirtear an méid seo a leanas leis:

'[1] Infheidhme maidir le leasuithe ar chláir i gcomhréir le hAirteagal 14, Airteagal 26 **agus Airteagal 26a** agus maidir leosan amháin, cé is moite d'aistrithe comhlántacha chuig CUAC (an Ciste um Aistriú Cóir) i gcomhréir le hAirteagal 27 RFC. Ní dhéanfaidh aistrithe difear do mhiondealú bliantúil na leithreas airgeadais ar leibhéal CAI le haghaidh Ballstát. '